EIP-AGRI
NATIONAL CONFERENCE 2022

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

National Rural Network

# COMHDHÁIL NÁISIÚNTA EIP-AGRI 2022

## Tuarascáil Chomhdhála

The European Agricultural Fund for Rural Development:
**Europe investing in rural areas**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

EIP-AGRI

NATIONAL CONFERENCE 2022

eip-agri AGRICULTURE & INNOVATION

National Rural Network

**Dáta:** *Dé Luain, 28 Samhain, 2022*
**Am:** *9.30am – 4.00pm*
**Láthair:** *Óstán Athlone Springs*
**Cathaoirleach:** *Mary Coughlan*

# CLÁR

**9.30am-9.45am – Fáiltiú –** An Dr Maura Farrell, Ollscoil na Gaillimhe & an Líonra Tuaithe Náisiúnta

**9.45am-10.00am – Aitheasc Tosaigh –** Pippa Hackett, An tAire Stáit um Úsáid Talún & Bithéagsúlacht

## Seisiún 1: EIP-AGRI - Cleachtais Nuálacha agus a dTionchar

**10.00am-11.00am**

Gillian Westbrook, **Tionscadal MOPS (Córais Táirgthe Orgánacha a Uasmhéadú)**

Seán Finan, **Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás**

Caroline Lalor, **Tionscadal FarmPEAT**

Bernard Carey, **Bithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB)**

An Dr Patrick Crushell, **Tionscadal na nDiúilicíní Péarla**

Declan Byrne, **Tionscadal SUAS (Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún)**

*Le Seisiún C&F san áireamh, arna éascú ag an Dr Shane Conway, Ollscoil na Gaillimhe & an Líonra Tuaithe Náisiúnta*



**11.00am-11.20am – Sos Caife/Tae & Taispeántas ar Thionscadail EIP-AGRI**

## Seisiún 2: EIP-AGRI - Eispéiris 'Ar an Talamh'

**11.20am-12.00pm**

An Dr Patrick McGurn & Feirmeoir atá Rannpháirteach, **Tionscadal Caomhnú Árann**

Niamh Nolan & Feirmeoir atá Rannpháirteach, **Tionscadal Feirmeoirí ar son Sábháilteachta (Farmers4Safety)**

An Dr Saorla Kavanagh & Feirmeoir atá Rannpháirteach, **Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint**

An Dr Daniel Curley & Feirmeoir atá Rannpháirteach, **Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht i Ráth Cruachan**

Ruairí Ó Conchúir & Feirmeoir atá Rannpháirteach, **Tionscadal EIP na hEidhní**



**12.00pm-12:30pm – Uasdátú ón RTBM maidir le staid EIP-AGRI i bPlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) na hÉireann don tréimhse 2023-2027**

**12.30pm-1.15pm – Lón & Taispeántas ar Thionscadail EIP-AGRI**

**1.15pm-2.45pm - Seisiún 3: EIP-AGRI – Grúpaí ar Leithligh maidir le 'Ag Spreagadh na Glúnta atá le teacht' & Aiseolas**

**2.45pm-3.00pm – Ráiteas Clabhsúir-** Donal Sheehan, Tionscadal Athnuachan Bithéagsúlachta i dTimpeallacht Déiríochta (BRIDE)

**3.00pm-4.00pm – Deis Tabhairt faoi Líonrú & Taispeántas ar Thionscadail EIP-AGRI**



# CLÁR NA nÁBHAR


Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 ........................................................................................ 4

Aitheasc Tosaigh - Pippa Hackett, An tAire Stáit um Úsáid Talún & Bithéagsúlacht……………………..6

Seisiún 1: EIP-AGRI – Cleachtais Nuálacha agus a dTionchar ........................................................ 7

Seisiún 2: EIP-AGRI – Eispéiris 'Ar an Talamh'..........................................................................14

Uasdátú maidir le staid EIP-AGRI i bPlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) na hÉireann don tréimhse 2023-2027...................................................................................................19

Seisiún 3: EIP-AGRI – Grúpaí ar Leithligh maidir le 'Ag Spreagadh na Glúnta atá le teacht' agus Aiseolas ........................................................................................................................ 20

Ráiteas Clabhsúir – Donal Sheehan, Tionscadal BRIDE ................................................................ 24

Taispeántas ar Thionscadail EIP-AGRI ...................................................................................... 25

Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 – Príomhthátail le tabhairt ón gComhdháil...........................26

Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 – Acmhainní...................................................................27



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

The European Agricultural Fund for Rural Development: Europe investing in rural areas

# Tuarascáil maidir le Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022

Ar an Luan, an 28 Samhain 2022, reáchtáil an Líonra Tuaithe Náisiúnta (LTN) Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI ar son na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM). Thug an chomhdháil feirmeoirí, taighdeoirí, grúpaí pobail, comhairleoirí feirme agus lucht déanta beartas le chéile chun cuir chuige nuálacha rathúla a phlé maidir le cosaint agra-chomhshaoil agus inbhuanaitheacht feirmeacha ar fud na hÉireann trí chur chuige EIP-AGRI atá dírithe ar an bhfeirmeoir agus a threoraítear go háitiúil, agus chun roinnt ceachtanna a foghlaimíodh go dtí seo a aisbhaint i rith an Phlean Forbartha Tuaithe 2014-2020 (arna síneadh go 2022).




Roinneadh an chomhdháil ina trí sheisiún. Tugadh eolas sa chéad sheisiún faoi chleachtais nuálacha agus na tionchair a bhain le sé thionscadal EIP-AGRI a bhí lonnaithe ar fud na hÉireann. Chuir an dara seisiún léargas do lucht na comhdhála maidir le heispéiris 'ar an talamh' maidir le cúig thionscadal EIP-AGRI eile. Ina dhiaidh seo, mhínigh ionadaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) ról EIP-AGRI laistigh de Phlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta nua (2023-2027). Thug an seisiún deireanach cuireadh de lucht na comhdhála freastal ar ghrúpaí ar leithligh chun todhchaí EIP-AGRI in Éirinn a phlé.

Tugann an tuarascáil seo na príomhtheachtaireachtaí a d'eascair ón imeacht le chéile.



*Roinnt baill d'fhoireann LTN le Pippa Hackett (An tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) agus cathaoirleach na comhdhála, Mary Coughlan (Iar-Thánaiste)*

## Aitheasc Fáilte

***Agus í ag cur tús leis an gcomhdháil, chuir an Dr Maura Farrell, ó Ollscoil na Gaillimhe agus an LTN, fáilte roimh lucht na comhdhála agus thosaigh sí le forléargas a thabhairt ar EIP-AGRI agus a haistear in Éirinn le roinnt blianta anuas.***

*"Seoladh an Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta um Tháirgiúlacht agus Inbhuanaitheacht Talmhaíochta ag an gCoimisiún Eorpach i 2012. Cuireadh tús léi mar chlár nuálaíochta ar fud na hEorpa. Is samhail idirghníomhach nuálach í a théann níos faide ná samhlacha nuálacha líneacha na tréimhse atá caite.*

*"Is cur chuige ilghníomhaí í EIP-AGRI a thugann feirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, gnólachtaí, ENRanna (NGOs), grúpaí pobail le chéile chun Grúpaí Oibríochtúla a chruthú, agus a chuireann ar a gcumas an nasc idir taighde agus cleachtas a thógáil."*



Leag an Dr Farrell béim ar bhaint an LTN in eolas a bhaineann le tionscadail EIP-AGRI a scaipeadh ó 2016 i leith, ag baint úsáid as Seachtainí Gníomhaíochta, foilseacháin a bhain le téamaí agus físbhlaganna dírithe ar fheirmeoirí, gan ach roinnt bheag á lua.

*“Tá an LTN ann chun an Phlean Forbartha Tuaithe a scaipeadh, chun gnéithe uile den chlár a chur chun cinn agus chun líonrú grúpaí ar gá dóibh eolas a bheith acu ar an gclár a éascú.*

*“Ba í mo thuiscint ón tús maidir le EIP-AGRI in Éirinn ná go raibh feirmeoirí an-lárnach sna tionscadail seo... Ba dhaoine iad seo a raibh na smaointe acu maidir le conas mar a d'oibreodh na tionscadail. Tá an LTN tar éis iarracht a dhéanamh fóram labhartha a thabhairt d'fheirmeoirí.”*




**An LTN ag tacú leis an Tionscnamh EIP-AGRI trí straitéisí cumarsáide nuálaíocha ilmhodha**




Ina dhiaidh sin, luaigh an Dr Farrell taighde a rinneadh le déanaí in Ollscoil na Gaillimhe i réimse EIP-AGRI agus a dhírigh ar raon buncheisteanna, lena n-áirítear: (i) na gnéithe is dúshlánaí maidir le Grúpa Oibríochtúil (GO) EIP-AGRI a bhunú; (ii) na gnéithe is éasca maidir le GO a bhunú; (iii) an leibhéal teagmhála laistigh do GOnna; (iv) an gné is nuálaí de thionscadail EIP-AGRI; (v) inaistritheacht thionscadail EIP-AGRI reatha; (vi) an rath is mó a bhain le tionscadail EIP-AGRI; (vii) an leibhéal comhoibrithe idir feirmeoirí, taighdeoirí agus comhairleoirí; (viii) maoiniú do thionscadail EIP-AGRI; agus (ix) téamaí EIP-AGRI amach anseo.

Tá roinnt de na príomhcheachtanna a chur an Dr Farrell, ó fhoireann LTN Ollscoil na Gaillimhe, i láthair sonraithe thíos.

## Príomhcheachtanna

Tá EIP-AGRI **réasúnta nua** fós - tá rath na dtionscadal i nuálaíocht na dtionscadal **agus i gcumas** GO dul i mbun cur chuige ilghníomhaí.

Ardleibhéal **inaistritheachta** féideartha.

Oidhreacht mharthanach: líonraí a cruthaíodh agus **pobail a tugadh le chéile** chun obair a dhéanamh ar dheacracht, cheist nó suim comhroinnte.

**Malartú eolais** idir gach páirtí leasmhar - ón mbun aníos seachas ón 'mbarr anuas'.

**Muinín agus meas** a thógáil idir gach gníomhaí atá bainteach.

Fiúntas agus Tionchar an **Chur Chuige bunaithe ar Thorthaí.**

**Nuálaíocht sa talmhaíocht** agus athbheochan ceantair thuaithe a neartú.

Luach na **mbeart solúbtha, praiticiúil, inoiriúnaithe go háitiúil, ábhartha go háitiúil.**

**Tá cur i láthair an Dr Farrell ar fáil le féachaint air anseo.**



Creidiúint don íomhá: Tionscadal FarmPEAT



Creidiúint don íomhá: Tionscadal SUAS



Creidiúint don íomhá: Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint

## Aitheasc Tosaigh

***Bhí áthas ar an LTN fáilte a chur roimh an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Pippa Hackett, a thug an t-aitheasc tosaigh ag Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022.***



Thosaigh an tAire Hackett trí chomhthéacs a thabhairt don chlár EIP-AGRI in Éirinn in 2022.

*"Táimid ag pointe an-suimiúil i bhforbairt na gComhpháirtíochtaí Eorpacha um Nuálaíocht laistigh de thalmhaíocht na hÉireann agus sinn ag bogadh ón gClár Forbartha Tuaithe i dtreo an Phlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta. Tabharfar faoi mhachnamh ar na tionscadail EIP rathúla a bhí ann le sé bliana anuas le comhdháil an lae inniu agus féachfar i dtreo na tréimhse cláir cúig bliana amach romhainn.*

*"Tá ríméad orm agus mé ag tnúth leis na téamaí a thiocfaidh chun cinn ón lá inniu agus beidh mé ar bís agus na téamaí sin le cúnamh Dé, á bhforbairt mar héilimh chinnte ar mholtaí agus ar deireadh thiar thall ina dtionscadail oibre a mbeimid ar fad ag súil go mbeidh rath iontach orthu sna blianta atá le teacht."*

Ansin d'aithin an tAire Hackett saineolas agus cumhacht an LTN mar acmhainní sárluachmhara chun rannpháirtíocht feirmeoirí, agus páirtithe leasmhara eile atá lárnach i rath an EIP, a spreagadh, rud atá tar éis rochtain ar mhaoiniú, oideachas agus nuálaíocht a uasmhéadú dá réir sin.

Lean an tAire Hackett:

*"Tá cur chuige na hÉireann i leith EIPanna ar cheann de na cuir chuige is uaillmhianaí agus is rathúla san Eoraip agus féachann ballstáit eile orainn mar shampla den tslí is fearr le haghaidh a thabhairt ar mhúnla EIP. Táimid tar éis meascán de thionscadail ar scála mór agus beag araon a bheith againn, agus iad ar fad treoraithe go háitiúil ag síneadh thar thírdhreacha éagsúla ar fud na tíre."*

Tharraing an tAire Hackett aird ansin ar ról ríthábhachtach na húinéireachta áitiúla agus na rannpháirtíochta i rath na dtionscadal EIP agus iad ag dul i ngleic le raon leathan saincheisteanna.

*"Is fíorchur chuige ó bhun aníos atá sna EIPanna - pobail áitiúla rannpháirteach agus réitigh á soláthar acu maidir le dúshláin chomhshaoil ina gceantair féin.*

*"Cé gur dhírigh mórán de na tionscadail ar thacaigh mo Roinn-se leo ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht, dhírigh tionscadail EIP eile ar shábháilteacht feirme, sláinte agus folláine feirmeoirí agus dúshláin a thagann chun cinn maidir le comharbas i dteaghlaigh feirme."*

Mar fhocal scoir, bhí an teachtaireacht thábhachtach seo ag an tAire Hackett do lucht na comhdhála:

*"Is deis í seo daoibhse atá i láthair bhur n-obair chrua a chur i láthair thar shaolré an tionscadail. Tá fonn orainn foghlaim ó bhur gcuid oibre, agus na ceachtanna sin a thabhairt isteach sa chéad chlárthréimhse eile."*



Creidiúint don íomhá: Tionscadal Caomhnú Árann



Creidiúint don íomhá: Tionscadal MOPS

## Seisiún 1: EIP-AGRI – Cleachtais Nuálacha agus a dTionchar




***Chuir an Dr Shane Conway, ó Ollscoil na Gaillimhe agus an LTN, an chéad seisiún don lá i láthair a dhírigh ar cheachtanna a aisbhaint ó chleachtais nuálacha agus tionchar go dtí seo a bhaineann le na tionscadail EIP-AGRI atá feicthe.***



Agus an seisiún á oscailt aige, d'aithin an Dr Conway an éagsúlacht a bhaineann leis na tionscadail EIP-AGRI atá idir láimhe.

*"Agus sceideal éagsúil aoichainteoirí á roghnú againn inniu, bhíomar an-airdeallach nach togra agra-chomhshaoil amháin é EIP-AGRI, agus bhí áthas orm gur thug an tAire aitheantas don mhéid sin. Níl teorainn leis an nuálaíocht; ní aithnítear teorainn sa nuálaíocht."*

Sular chuir sé fáilte roimh na chéad aoichainteoirí chuig an bpóidiam, chuir an Dr Conway léarscáil idirghníomhach i láthair do lucht na comhdhála, a chuir foireann an LTN i dtoll a chéile, ina bhfuil suíomhanna na bpríomhpháirtithe i ngach ceann de na 57 tionscadal ó Ghrúpa Oibríochtúil EIP-AGRI ar fud na hÉireann, rud a leagann béim ar a dtionchar agus ar a síneadh tíreolaíoch.




### Seisiún 1: EIP-AGRI – Aoichainteoirí ar Chleachtais Nuálacha agus a dTionchar

- Gillian Westbrook, ***Tionscadal MOPS (Córais Táirgthe Orgánacha a Uasmhéadú)***
- Seán Finan, ***Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás***
- Caroline Lalor, ***Tionscadal FarmPEAT***
- Bernard Carey, ***Bithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB)***
- An Dr Patrick Crushell, ***Tionscadal na nDiúilicíní Péarla***
- Declan Byrne, ***Tionscadal SUAS (Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún)***

### Gillian Westbrook, Tionscadal MOPS (Córais Táirgthe Orgánacha a Uasmhéadú)



***Rinne Gillian Westbrook, POF Chumann Orgánach na hÉireann, cur i láthair faoi conas Córais Táirgthe Orgánacha a Uasmhéadú (MOPS), tionscadal EIP do ghairneoireacht orgánach in Éirinn agus ceann de na chéad EIPanna san Eoraip a thug faoi scrúdú ar mhargaíocht dírithe ar dhíol*.**

Bhí 11 feirm ghairneoireachta bainteach leis an tionscadal seo, deimhniú orgánach acu ar fad agus iad éagsúil maidir le méid, idir heicteár amháin agus suas go 110 heicteár.

*"Ba é an príomhphointe anseo ná breathnú ar na feirmeacha seo agus go bunúsach, sraith pleananna curaíochta a fhorbairt, agus d'aon duine nach bhfuil sé seo ar eolas acu, is sraith teicnící plandaithe é plean curaíochta; sceideal a chur le chéile maidir le cathain ar cheart duit rudaí a chur, cé chomh fada óna chéile ar cheart iad a chur agus conas ar cheart na nithe sin a dhéanamh chun do tháirgeacht a uasmhéadú.*

*"Bhí an chuid is mó de na feirmeacha seo in iomaíocht lena chéile ar bhealach amháin don spás céanna ar an tseilf chéanna, mar sin, bhí sé an-tábhachtach go dtosóimis ag obair le chéile. Bhí orainn síneadh ama a chur leis an tréimhse fáis."*

Thug Gillian achoimre ar roinnt de na príomhghnéithe nuálacha den tionscadal:

1) Rinneadh triail léasaithe glais chun torthúlacht na hithreach a chinntiú.

2) Rinneadh monatóireacht ar Bhogthaise Choibhneasta, ar theocht ithreach agus aeir. B'anailís stairiúil a bhí ann. Mar shampla, má bhí sé soiléir nár fheidhmigh barra áirithe go maith san am a bhí caite, bhíothas in ann, leis an monatóireacht seo, breathnú siar agus anailís a dhéanamh ar aon tionchair aeráide a d'fhéadfadh cur isteach orthu.

3) Rinneadh tuarascáil mhargaidh le haghaidh 2020, rud nach ndearnadh cheana roimhe seo. Bhí gach táirge a fásadh in Éirinn san áireamh ansin. Ag eascairt as seo, ríomhadh méid réamh-mheasta do na príomhghlasraí orgánacha in Éirinn in 2021.

4) Rinneadh sraith físeán a léiriú inar taispeánadh roinnt de na gnéithe nach bhfuil chomh teicniúil sin. Léirigh na físeáin sin ar bhealach soiléir cad a bhí ag obair agus cad nach raibh.

Agus deireadh á chur lena cur i láthair, thug Gillian mionsonraí maidir le roinnt de phríomhthorthaí cainníochtúla an tionscadail. Mar shampla, tháinig méadú suntasach 112% ar dhíolachán na bhfeirmeacha a bhí bainteach leis an tionscadal.

*"Cruthaíonn sé dúinn go ndíolfar d'earraí orgánacha más féidir leat iad a chur ar an tseilf."*

**Is féidir breathnú ar chur i láthair Gillian anseo.**

### Seán Finan, Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás



***Chuir Seán Finan, POF Chumann Bithfhuinnimh na hÉireann, Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás i láthair, EIP a chuireann slógadh bithgháis ar scála íseal in Éirinn chun cinn.***

Ba phríomhghné an tionscadal EIP-AGRI ón tús ná feasacht a spreagadh i measc an phobail feirmeoireachta maidir le cad is bithghás ann.

*"D'fhoghlaimíomar go bhfuil éiginnteacht ollmhór maidir leis na scálaí difriúla a d'fhéadfadh a bheith ann in Éirinn. Bunaithe ar an méid sin, d'fhorbraíomar tábla le hidirdhealú a dhéanamh idir scála na feirme agus scála meánach-mór na monarchana bithgháis. Tá ról lárnach ach an-difriúil ag an bhfeirmeoir sa dá shampla, agus cinneann na Rialacháin maidir le Seachtháirgí Ainmhithe scála agus méid na monarchana bithgháis is féidir le feirmeoir a thógáil i dtaca lena suíomh, a mbunábhar, na cineálacha bunábhair, aschur fuinnimh agus tacaíochtaí."*

De réir Sheáin, díríonn aidhm an tionscadail ar bhithghás feirme a léiriú ar bhealach a thagann le fiontair feirme atá ann cheana féin. Fuair an chlár tacaíocht chaipitil chun trí mhonarcha taispeána don bhithghás feirme a thógáil (atá ar bun), monarchana a bhaineann úsáid as bunábhar feirme amhail sciodar, sadhlas, aoileach ón gclós feirme, barra, agus a shásaíonn éileamh ar fhuinneamh ar an bhfeirm / nó sa timpeallacht. I measc na mbuncheisteanna atá i gceist ag an tionscadal aghaidh a thabhairt orthu, tá athchúrsáil cothaitheach, astaíochtaí, rith chun srutha agus bolaithe a laghdú.

I dtosach báire, reáchtáladh seacht gceardlann mar chuid den tionscadal ina scaipeadh eolas barrthábhachtach ar fheirmeoirí agus ar fhreastail 461 duine orthu. Anuas air sin, rinneadh an próiseas Léirithe Spéise. Léirigh 260 feirmeoir a spéis i dtrí dheontas caipitil (figiúr a bhí 10 n-uaire níos mó ná mar a bhí súil leis).

Rinneadh gach iarratasóir a mheas bunaithe ar an mbunábhar a bhí ar fáil agus éileamh ar fhuinneamh agus roinneadh ina dtrí chatagóir iad:

- **Catagóir 1** (Gan acmhainn – Gan Bunábhar). Aithníodh 130 feirm.
- **Catagóir 2** (Acmhainn Mheasartha – Roinnt bunábhar agus éileamh ar fhuinneamh). Aithníodh 100 feirm.
- **Catagóir 3** (Acmhainn Ard – Bunábhar agus éileamh ar fhuinneamh). Aithníodh 30 feirm.

Bhí teagmháil ann ina dhiaidh sin le feirmeoirí chatagóir 3 chun moltaí, staidéir féidearthachta a fhorbairt agus láithreáin taispeána a roghnú, agus tar éis dianphróiseas gearrliostaithe, chuaigh trí thionscadal ar aghaidh ar deireadh i gCo. Thiobraid Árann, Co. na Gaillimhe agus in Iarthar Chorcaí atá ag céimeanna éagsúla den phróiseas pleanála faoi láthair.

Tá liosta de rogha de phríomhcheachtanna an tionscadail go dtí seo thíos.

**Príomhcheachtanna go dtí seo**

Leibhéal ollmhór suime ó fheirmeoirí sa bhithghás - cruinnithe eolais agus fiosrúcháin á dheimhniú seo.

Tá easpa eolais agus eolas teicniúil maidir leis an mbithghás ag gach leibhéal.

Labhraítear faoin mbithghás go róshimplí.

Éiginnteacht shuntasach i measc feirmeoirí faoi na scálaí éagsúla atá ann – Íseal v Meánach/Mór.

Difríochtaí an-soiléire idir na scálaí agus na riachtanais dhifriúla agus róil atá dírithe ar fheirmeoirí.

Ról na bhfeirmeoirí ag scála na feirme – an mhonarcha a fheidhmiú agus aschur fuinnimh a úsáid ar an bhfeirm.

Ról na bhfeirmeoirí ag scála tionsclaíoch – bunábhar a thabhairt le haghaidh giniúint aschur fuinnimh a tharchuirtear chuig eangach (leictreach nó gáis) nó mar bhreosla teasa nó iompair.

Tá bithghás feirme oiriúnach d'fhiontair a bhfuil infhaighteacht sciodair acu agus éileamh leanúnach ar fhuinneamh.

Tá sciodar ag críochnaitheoirí mairteola ach níl éileamh ar fhuinneamh acu – táthar ag féachaint ar réitigh.

irbea irish bioenergy association

Déantar achoimre ar roinnt de na gníomhartha tosaíochta don bhliain atá amach romhainn thíos.

**Gníomhaíochtaí Tosaíochta in 2022 agus 2023 arna dtabhairt chun críche**

Sonraí maidir le síneadh ama chuig an tionscadal le RTBM a chur i gcrích i ndiaidh moilleanna bainteach le Covid, tionchair eile thar rialú an tionscadail agus tagairt do shíneadh i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2021.

Cabhrú le feirmeoirí: cead pleanála a fháil do thionscadail, teicneolaíocht a sholáthar agus tógáil a chur chun cinn.

Dul chun cinn a dhéanamh ar chomhoibriú molta idir feirmeoirí déiríochta agus comharchumann le hobair a dhéanamh ar thriail taispeána bhreise ar scála beag ar fheirm dhéiríochta.

Tionscadal taispeána choláiste an Ghoirtín le dul chun cinn (córas coimeádáin ar scála beag)

Painéal do sholáthróirí teicneolaíochta díleá anaeróbaigh / Bithgháis a bhunú a ghníomhóidh mar réamhcháilíocht do phróiseas tairisceana níos déanaí do gach feirmeoir le cúnamh ón IrBEA.

Tharla plé maidir le Seachtháirgí Ainmhithe (STA) le RTBM – bhí cruinniú tosaigh ann agus níor tháinig aon fhadhbanna chun cinn.

Dréachtiarratas ar Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite.

Teagasc – Anailís ar Shaolré le cur chun cinn.

Dul chun cinn a dhéanamh ar anailís ar Bhunábhar – Samplaí arna dtástáil ag Celignis.

Uirlis ar líne d'fheirmeoirí – praghsáil agus roghanna a fhiosrú.

irbea irish bioenergy association

**Is féidir breathnú ar chur i láthair Sheáin anseo.**

## Caroline Lalor, Tionscadal FarmPEAT



***Thug Caroline Lalor, Bainisteoir Tionscadail, FarmPEAT, cur i láthair ar an EIP dhá bhliain seo a bhfuil forbairt á déanamh aige ar bhealaí nua chun an talmhaíocht a chur i bhfeidhm laistigh de thírdhreach na móna.***

Chuir Caroline tús lena cur i láthair le heolas maidir le roinnt de phríomhaidhmeanna an tionscadail, a bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leo:

- Oibriú le feirmeoirí chun scéim athchóirithe bunaithe ar thorthaí le haghaidh Thírdhreach Lár Tíre na hÉireann a dhearadh agus a thástáil.

*"Tá ar mbéim ar na hithreacha móna, i ndáiríre. Tá talamh in aice le portach ardaithe ag gach duine dár bhfeirmeoirí agus chomh maith leis sin, is portach ardaithe faoi chosaint é den chuid is mó. Tá na feirmeoirí á ndreasú againn go bunúsach, chun an t-uisceleibhéal ina ngoirt a ardú. Is é sin le rá, sruth an uisce sna draenacha a bhfuil na blianta fada caite acu ag iarraidh é a mhéadú a mhoilliú. Is athrú ollmhór é dár bhfeirmeoirí."*

- Scéim a dhearadh a dhreasóidh bainistíocht fheabhsaithe na ngnáthóg ar ithreacha móna, rud a rachaidh chun tairbhe don aeráid, don bhithéagsúlacht agus don uisce.

*"Is cur chuige iomlánaíoch é, mar sin táimid ag díriú ar bhithéagsúlacht agus cáilíocht an uisce chomh maith, agus tá nasc chomh mór sin eatarthu. Má mhoillíonn tú an sruth i ndraein, tá méid an dríodair atá ag dul isteach i gcúrsaí an uisce á laghdú agat, mar sin, is buntáiste é do cháilíocht an uisce agus ar ndóigh do na plandaí a bhraitheann ar ardleibhéil uisce freisin..."*

- Feirmeoirí a chúiteamh as an comhshaoil áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú.

*"Rud amháin is breá liom faoin gcur chuige bunaithe ar thorthaí ná go bhfuil feirmeoirí á gcúiteamh ón tús dá mbainistíocht roimhe seo – mar sin, má tá feirmeoir ann atá tar éis a gcuid talamh a bhainistiú ar shlí atá fabhrach d'astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus d'ithreacha móna a choimeád fliuch, cúitítear láithreach bonn iad... Dá airde an scór, is ea is mó an íocaíocht agus toisc go bhfuil ár dtionscadal an-dírithe ar leibhéal an uisce in ithreacha móna, baineann luach mór leis an áit ag a bhfuil an t-uisce sna draenacha. Mar sin, dá mhéad an t-uisceleibhéal i do chuid draenacha, is ea is mó an scór a fhaigheann tú agus is ea is mó an íocaíocht."*

- Feasacht a spreagadh i measc feirmeoirí agus an phobail (i.e. scoileanna, grúpaí pobail) ní amháin maidir leis an tábhacht a bhaineann le portaigh ardaithe ach chomh maith an tionchar a bhíonn ag na hithreacha móna (ar a bhfuil na feirmeoirí seo i mbun feirmeoireachta), ar an gcomhshaol, ag brath ar conas mar a bhainistítear iad sna ceantair seo.

Ina dhiaidh sin, thug Caroline breis eolais faoi chúig phríomhnuálaíocht FarmPEAT.

**1) Cur Chuige ón mBun Aníos**

*"... Má tá smaoineamh ag feirmeoir maidir lena bhfeirm a dteastaíonn uathu a chur i bhfeidhm agus tagann sé lenár gcuspóirí féin agus braithimid go mbeidh tairbhe don chomhshaol aige, tabharfaimid an-chuid tacaíochta dóibh.*

*"Ar an tslí chéanna sna pobail, mar chuid dár dtogra 'Tabhair Grá do do Bhuataisí' (Love Your Wellies) FarmPEAT, táimid ag dul i dteagmháil le scoileanna agus ag míniú cad a dhéanaimid, cad a theastaíonn uainn a bhaint amach agus ansin iarraimid orthu cad ba mhaith leo siúd a bhaint amach agus cad is féidir linne a dhéanamh chun cabhrú leo na cuspóirí sin a bhaint amach..."*

**2) Baill Chleamhnaithe**

*"Táimid ag obair le feirmeoirí a bhfuil ithreacha móna agus draenacha acu. Ceann de na tionchair atá ag moilliú shruth an uisce sna draenacha sin, i mórán cásanna, ná go mbeidh tionchar aige ar an bhfeirmeoir ina aici láimhe, b'fhéidir nach bhfuil baint acu leis an tionscadal. Tá cur chuige á thástáil againn lena ríomhfaimid / measfaimid an ceantar a d'fhéadfaí tionchar a bheith air agus tairgfimid cúiteamh dóibh sa chás go ligeann siad dúinn na hoibreacha a dhéanamh ar an talamh feirme atá laistigh den tionscadal... Ceacht foghlamtha a bheidh ann, cé acu an oibreoidh nó nach n-oibreoidh sé..."*

**3) Rannpháirtíocht Feirmeoirí atá páirteach**

Tá 51 feirmeoir bainteach leis an tionscadal FarmPEAT agus tá freagrachtaí breise ag roinnt díobh, lena n-áirítear (i) ionadaíocht ar ghrúpa stiúrtha an tionscadail agus (ii) a bheith páirteach i monatóireacht ar an uisceleibhéal a dhéanamh. Baineann na feirmeoirí sin tairbhe as rannpháirtíocht sa tionscadal agus baineann an tionscadal tairbhe as eolas áitiúil agus dearcthaí pearsanta na bhfeirmeoirí.

**4) Hidreolaíocht**

*"Tá an hidreolaíocht ríthábhachtach don tionscadal seo. Táimid ag obair le comhairleoirí 'RPS'. Tá a lán taithí acu ar bheith ag obair le portaigh ardaithe arda agus ar smacht a fháil ar shruth an uisce ansin, chun an t-uisceleibhéal a ardú sa mhóin. Mar sin, tá siad ag obair linn faoi láthair, agus an saineolas sin á aistriú go talamh thalmhaíochta."*

Tá dambaí ar shubstráití tréscaoilteacha á dtástáil faoi láthair ag an tionscadal agus, anuas air sin, tá Scórchárta Measúnaithe Hidreolaíochta á thástáil freisin.

**5) For-rochtain Phobail**

*"Bhain daoine an-taitneamh as an togra 'Tabhair Grá do do Bhuataisí' agus meallann sé daoine le páirt a ghlacadh... Séard atá i gceist leis ná feasacht a spreagadh, obair le pobail, agus scoileanna agus na feirmeoirí. Bhí an-rath againn leis an gComórtas Ealaíne 'Tabhair Grá do do Bhuataisí', a reáchtáladh don chéad bhliain i mbliana agus a reáchtálfar arís an bhliain seo chugainn. Ghlac 1,000 scoil páirt ann inár gceantar agus leathnaigh é agus fuaireamar iontrálacha ó ar fud an domhain, ó Shasana agus ó Mheiriceá. Shroich na meáin shóisialta os cionn leathmhilliún duine…"*

Mar fhocal scoir, d'aithin Caroline roinnt d'éachtaí cainníochtúla an tionscadail go dtí seo, lena n-áirítear:

- dúirt 97 faoin gcéad de na feirmeoirí a ghlac páirt go raibh siad toilteanach bainistíocht a n-ithreacha móna a athrú chun feabhais.
- dúirt 20 faoin gcéad de na feirmeoirí a ghlac páirt go mbeadh siad toilteanach a n-ithreacha móna a athfhliuchadh sa todhchaí.

**Is féidir breathnú ar chur i láthair Caroline anseo.**

## Bernard Carey, Bithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB)



***Thug Bernard Casey léargas ginearálta ar Bhithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB), EIP a bhfuil sé mar aidhm aige a léiriú gur féidir bithmhais talmhaíochta nach bhfuil ag teastáil nó nach mbaintear go leor úsáide as, amhail luachair, aiteann, raithneach mhór agus scrobarnach coill, a úsáid chun bithghualach a tháirgeadh ag baint úsáid as cur chuige saolré do chleachtais bainistíochta reatha agus rialú fásúil feirme.***

Is dlúthchuid den tionscadal, dár le Bernard, é an tAonad Pirealaithe Soghluaiste (APS), meaisín a úsáidtear chun bithmhais a shábháil an t-úinéir talún a thiontú ina bhithghualach. Cuirtear na burlaí bithmhaise, amhail luachair, isteach i gcrannóg, agus téann siad tríd APS ansin ag teocht socraithe agus am seadaithe.

Mhínigh Bernard roinnt de na cúiseanna a bhfuil an bithghualach chomh tábhachtach sin inniu.

*"… Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú leis, cáilíocht an sciodair a fheabhsú agus tá an deis ann d'fheirmeoirí creidmheasanna carbóin a fháil sa todhchaí agus is margadh é sin atá ag forbairt go tapa faoi láthair."*

Leag Bernard amach roinnt de na tástálacha agus staidéir atá ar bun faoi láthair mar chuid den tionscadal a bhfuil nasc acu leis an mbithghualach agus a thairbhí faoi láthair. Anuas air sin, luaigh sé suirbhé a cruthaíodh agus a scaipeadh mar chuid den tionscadal chun an cheist seo a leanas a fhreagairt: *Cé mhéad luachair atá ann?* Fuarthas freagraí ó 125 feirm ar fud 21 contae leis an suirbhé seo.

I measc na dtorthaí ba shuntasaí, de réir Bernard, dúirt 65 faoin gcéad de na freagróirí go raibh luachair á bainistiú go gníomhach acu agus go raibh fuinneamh á chur sa ghníomhaíocht seo ach nach raibh aon luach saothair / cúiteamh á fháil as.

Ina dhiaidh sin, luaigh Bernard roinnt de na táirgí a táirgeadh ón EIP Bithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB), lena n-áirítear: luachair thriomaithe, luachair mhionghearrtha, brícíní agus millíní déanta as luachair muilinn casúir, bithghualach déanta as luachair mhionghearrtha, agus millíní dianthriomaithe.

Agus deireadh á chur lena chur i láthair, liostaigh Bernard réimse leathan deiseanna d'úsáid bhithghualaigh don todhchaí, amhail chun cáilíocht uisce a fheabhsú agus chun fuinneamh a ghiniúint.

*"Tá deiseanna fairsinge ann don bhithghualach."*

**Is féidir breathnú ar chur i láthair Bernard anseo.**

### An Dr Patrick Crushell, Tionscadal na nDiúilicíní Péarla




***Rinne an Dr Patrick Crushell, Bainisteoir Tionscadail, EIP na nDiúilicíní Péarla, cur i láthair faoin tionscadal seo atá faoi stiúir an phobail agus a bhfuil sé mar aidhm aige an diúilicín péarla fionnuisce a chosaint in Éirinn.***

Ar dtús, leag an Dr Crushell béim ar uathúlacht an tionscadail seo.

*"Is ceann de na EIPanna is mó é seo le buiséad 10 milliún euro aige. Is tionscadal cúig bliana é. An rud atá nuálach faoinár dtionscadal ná go rabhamar ag iarraidh a fheiceáil más féidir cur chuige bunaithe ar thorthaí a thástáil agus a thriail ar ghnáthóga agus speicis talún. Ba é an dúshlán a bhí romhainn ná a fheiceáil dá bhféadfaimís é a oiriúnú agus a dhíriú ar speicis fionnuisce agus ar cháilíocht uisce ábhartha agus gnáthóg abhann. Ba é sin an príomhdhúshlán."*

Thug an Dr Crushell níos mó sonraí faoin diúilicín péarla fionnuisce agus roinnt de na príomhdhúshláin a bhaineann le cosaint an speicis seo.

*"Faightear diúilicíní péarla fionnuisce in abhainnchórais gan mhilleadh in Éirinn. Is dócha go bhfuil sé díofa ó 90 faoin gcéad de na habhainneacha ina raibh sé tráth dá raibh sa tír. Tá laghdú ollmhór tagtha air le 30-40 bliain anuas. Is de dheasca athrú in úsáid talún, i dtalmhaíocht agus san fhoraoiseacht go hiondúil, é sin*

*"Is iad sruth, dríodar agus cothaithigh na príomhfhadhbanna a théann i bhfeidhm ar an diúilicín péarla fionnuisce agus ar an ngnáthóg. Is iad sin na brúnna a bhfuilimid ag iarraidh aghaidh a thabhairt orthu agus úsáid a bhaint as an gcur chuige bunaithe ar thorthaí."*

Tá an tionscadal seo i bhfeidhm in ocht ndobharcheantar in Iarthar na hÉireann agus líon iomlán de 470 feirmeoir rannpháirteach, ar fud 30 heicteár.

Is gné bhunúsach é an cur chuige bunaithe ar thorthaí de EIP an Diúilicín Péarla.

*"Is é bun agus barr an chur chuige bunaithe ar thorthaí ná cáilíocht a chúiteamh - dá airde an cháilíocht, is ea is airde an íocaíocht. Tá sé éifeachtúil ó thaobh costas de, tá ciall leis, cúitíonn agus spreagann sé feabhsuithe."*

I measc roinnt de phríomhghaiscí an tionscadail go dtí seo, a luaigh an Dr Crushell, áirítear an méid seo a leanas: (i) Oiliúint agus tacaíocht comhairleora: Tá an tionscadal tar éis obair a dhéanamh le 61 comhairleoir feirme, chomh maith le hoiliúint agus uasoiliúint a chur orthu, ar feadh an tionscadail agus; (ii) Oiliúint feirmeora: Is cuid éigeantach den tionscadal é freastal. Cruthaíodh go bhfuil teagmháil rialta le feirmeoirí, agus aiseolas rialta uathu, ríthábhachtach.

**Is féidir breathnú ar chur i láthair an Dr Crushell anseo.**

**Declan Byrne, Tionscadal SUAS (Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún)**



***Rinne Declan Byrne, Bainisteoir Tionscadail, Tionscadal SUAS, cur i láthair faoin EIP seo a bhfuil sé mar aidhm aige aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta a bhaineann le bainistíocht talún na gcoimíneachtaí agus feirmeacha sléibhe in ardtailte Chill Mhantáin / Bhaile Átha Cliath.***

I dtosach báire, leag Declan béim ar phríomhról Ghrúpa Oibríochtúil EIP.

*"Agus sinn ag cur an Ghrúpa Oibríochtúil le chéile, dhíríomar ar na scileanna a bhí uainn chun an tionscadal seo a chur i gcrích... Bhí Grúpa Oibríochtúil an-réamhghníomhach againn ar deireadh, a bhí an-oscailte do rudaí nua a thriail agus an-tacúil do na nithe a bhí ar bun againn."*

Thug Declan achoimre de phríomhnuálaíochtaí an tionscadail go dtí seo, lena n-áirítear:

**1) Ag plé le feirmeoirí coimíneachta**

*"Go dtí seo, pléadh leis na feirmeoirí seo mar fheirmeoirí aonair. An rud a rinneamar ná iad a thabhairt le chéile agus phléamar leo mar ghrúpa amháin... Tá treoirphlean curtha le chéile againn freisin ar conas na grúpaí coimíneachta seo a bhunú lena n-úsáid i gceantair eile."*

**2) Bainistíocht gnáthóige**

*"Is í an innilt an phríomhuirlis bhainistíochta atá againn sna hardtailte..."*

Sampla amháin den innilt, a luaigh Declan, ná eallach a thabhairt isteach i roinnt mhaith ceantair ardtalún mar chuid den tionscadal.

*"Tá formhór dár sléibhte oscailte, gan aon fhál. Chun go mbeadh feirmeoirí in ann a n-ainmhithe a aimsiú, thosaíomar ag baint úsáid as coiléir GPS."*

**3) Loscadh rialaithe**

*"Rinneamar loscadh rialaithe ar roinnt de na suíomhanna... An rud a d'fhoghlaimíomar ná nach é tine a lasadh an t-aon rud atá i gceist le loscadh rialaithe. Caithimid ár gcomhrá a chur chun gnímh agus labhairt faoi na háiteanna ina bhfuil sé oiriúnach, conas ar cheart é a dhéanamh, cad iad na torthaí a thagann as..."*

Leag Declan béim freisin ar an ngá atá le roghanna eile a thabhairt d'fheirmeoirí chun deireadh a chur le fadhb an loiscthe.

**4) Aip fón póca**

*"Dá éasca atá sé rud a dhéanamh, is ea is dóichí go ndéanfaidh feirmeoir é. D'fhorbraíomar aip fón póca. Theastaigh uainn a bheith ábalta an rud a bhí ag tarlú d'uimhreacha na gcaorach ar na sléibhte a thaifeadadh... Chomh maith leis sin, chuireamar saoráid leis ina bhféadfadh feirmeoirí éilimh a dhéanamh ar na gníomhartha a bhí curtha i gcrích acu..."*

Ina dhiaidh sin, chuir Declan cleachtas chun cinn maidir le rudaí nua a thriail.

*"Má oibríonn rud éigin, is rud rathúil é. Mura n-oibríonn sé, is ceacht foghlamtha é agus ní hé gur theip air... Domsa, is é an t-aon rud a d'fhéadfadh a bheith ina theip sna tionscadail EIP ná dá mbeadh eagla orainn rud nua a thriail."*

Chríochnaigh Declan le ceann de phríomhtheachtaireachtaí a chur i láthair: 'Faoi Scáth a Chéile'.

*"Is é bun agus barr an tionscadail seo ná feirmeoirí a bheith ag obair ar scáth a chéile inár gcoimíneachtaí, lenár n-éiceolaithe, leis an SPNF (NPWS) agus lenár nGrúpa Oibríochtúil. Bíonn am i gceist le forbairt agus fás na gcaidreamh sin. Dúinne, chaitheamar na chéad chúpla bliain ag tógáil na gcaidreamh sin. Tá tréimhse an-ghearr ag na tionscadail seo; más ag iarraidh mheonta na bhfeirmeoirí a athrú atá tú, caithfidh tú bheith ag cuimhneamh go fadtéarmach."*

**Is féidir breathnú ar chur i láthair Declan anseo.**

## Seisiún 2: EIP-AGRI – Eispéiris 'Ar an Talamh'




***Bhí Mary Coughlan, Iar-Thánaiste ina cathaoirleach ar an dara seisiún don lá. Bhí príomhpháirtithe leasmhara in éineacht le Mary ó thionscadail EIP-AGRI lena n-áirítear bainisteoirí tionscadail, feirmeoirí rannpháirteacha agus meantóirí a roinn a gcuid taithí ar an talamh le lucht na comhdhála.***




### Seisiún 2: EIP-AGRI – Cainteoirí Eispéiris 'Ar an Talamh'

- An Dr Patrick McGurn & Gráinne Ní Chonghaile (Feirmeoir Rannpháirteach), ***Tionscadal Caomhnú Árann***
- Niamh Nolan & Ned Kearney (Meantóir Rannpháirteach), ***Tionscadal Farmers4Safety***
- An Dr Saorla Kavanagh & Andrew Bergin (Feirmeoir Rannpháirteach), ***Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint***
- Richie Farrell & Gerard Healy (Feirmeoir Rannpháirteach), ***Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht i Ráth Cruachan***
- Ruairí Ó Conchúir & Ragna Gruendler (Feirmeoir Rannpháirteach), ***Tionscadal EIP na hEidhní***

### An Dr Patrick McGurn & Gráinne Ní Chonghaile, Tionscadal Caomhnú Árann



Ar dtús, thug an Dr Patrick McGurn, Bainisteoir Tionscadail, Caomhnú Árann, roinnt cúlra ar an tionscadal.

*"D'fhéachamar ar uathíomhánna, anailís ilspeictreach agus píosaí scannánaíochta ó dhrón a úsáid lena fheiceáil más féidir linn scór goirt a chruthú seachas gach gort a shiúl. D'oibrigh sé sin go maith."*

D'fhorbair an tionscadal córas scórála ó 1-5 agus d'eagraigh sé cúrsaí oiliúna d'fheirmeoirí rannpháirteacha chun tuiscint chomhchoiteann ar conas mar a baineadh na scóir seo amach a chruthú. Chomh maith le píosaí scannánaíochta ó dhrón agus uathíomhánna a úsáid, tugadh cuairt ar na goirt go pearsanta mar chuid den tionscadal, chun a chinntiú go raibh an scóráil cruinn.

Ba chuid an-nuálach den tionscadal é 'féinmheasúnú na bhfeirmeoirí'. Thug an cúrsa oiliúna uirlisí do na feirmeoirí a bhí rannpháirteach chun scóráil a dhéanamh ar a dtailte féin. Bhí sé de nós ag na feirmeoirí a bheith níos déine orthu féin ná mar a bhí i gceist i ndáiríre, mar shampla, thabharfaidís 4 dóibh féin i roinnt cásanna seachas an 5 a bhí tuillte acu.

*"Scóráil na feirmeoirí a dtalamh féin, seachas comhairleoir nó comhairleoir talmhaíochta."*

I measc roinnt de na cleachtais nuálacha eile a rinneadh mar chuid den tionscadal, a luaigh an Dr McGurn, bhí: (i) modhanna éagsúla bainte síl a úsáid agus; (ii) fosfáit a scaipeadh i bhféarthailte a bhí saibhir ó thaobh speicis de.

Thug Gráinne Ní Chonghaile, riarthóir agus feirmeoir rannpháirteach i dtionscadal Caomhnú Árann, léargas ansin óna taithí féin.

Leag Gráinne béim ar an múnla íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí, rud a dúirt sí a bhí ar cheann de na nithe ba dhearfaí a d'eascair as an tionscadal agus a bhfuil ina nasc díreach idir chleachtais chun feabhas a chur ar innilt agus an íocaíocht a fhaigheann feirmeoirí.

Agus ráitis luaithe an Dr McGurn á n-athdhearbhú aici, chuir Gráinne béim ar thábhacht agus rath na hoiliúna a leathadh amach chuig feirmeoirí chun cabhrú leo a ngoirt féin a scóráil.

*"Is é ceann de na torthaí is fearr a tháinig ón tionscadal seo ná go n-aithníonn na feirmeoirí tábhacht na gnáthóige agus cad atá á dhéanamh acu ar an talamh."*

**Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig suíomh gréasáin Thionscadal Caomhnú Árann.**

## Niamh Nolan & Ned Kearney, Tionscadal Farmers4Safety

**Tionscadal Farmers4Safety**

- **Glacann an tionscadal seo cur chuige meantóireachta nualaíoch idir phiaraí chun meonta agus iompraíocht i bpobal iomlán na feirmeoireachta, idir óg agus aosta, a athrú i dtreo sábháilteacht, sláinte agus folláine feirme. Cuireann cur chuige dá leithéid buntáistí líonraithe láidre ar fáil d'fheirmeoirí agus dá dteaghlaigh, rud a chumasaíonn timpeallacht comhfhoghlama a chruthú a ligeann dóibh a riachtanais agus a n-imní a roinnt lena bpiaraí.**



Thug Niamh Nolan, Bainisteoir Tionscadail, Farmers4Safety, achoimre gairid ar thionscadal EIP-AGRI chun tús a chur leis an gcur i láthair.

*"Is é ceann de hocht dtionscadal sábháilteachta, sláinte agus folláine feirme de chuid EIP-AGRI é seo... Díríonn ár dtionscadal ar chontae Chorcaí, contae Thiobraid Árann agus contae Loch Garman. Ar an drochuair, tá an fáth ar roghnaíodh na contaetha sin bunaithe ar shonraí ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta - tá na figiúirí is airde de bhásanna ar an bhfeirm acu."*

Glacann tionscadal Farmers4Safety cur chuige meantóireachta idir phiaraí agus leagann sé béim ar luach na teagmhála idir fheirmeoirí agus an luach atá le foghlaim ó chéile chun sábháilteacht, sláinte agus folláine feirme a shárú agus dul i ngleic leo.

Mhínigh Niamh roinnt de na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh mar chuid den tionscadal.

*"D'fhreastalaíomar ar ocht seó agus imeacht talmhaíochta laistigh de cheantair an tionscadail, ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, mar aon le dul i dteagmháil*

*le 1,578 feirmeoir. Pléadh 60 ábhar le feirmeoirí, bíodh sé sin, an aimsir, an cogadh, na costais, na praghsanna, na marglanna..."*

Anuas air sin, scaipeadh suirbhéanna ar fheirmeoirí agus teaghlaigh feirme, comhpháirtithe agus soláthróirí seirbhíse mar chuid den tionscadal, rud a chuir ar a chumas raon leathan dearcthaí i leith meonta agus iompar i dtaca le sábháilteacht, sláinte agus folláine feirme a bhailiú.

Bunaíodh grúpaí WhatsApp réigiúnacha freisin a chuir feirmeoirí rannpháirteacha ar an eolas faoi imeachtaí agus ceardlanna a bhí ar na bacáin ina gceantair.

Léirigh Ned Kearney, meantóir feirme i gCo. Chorcaí, a thuairimí ar Thionscadal Farmers4Safety go dtí seo leis.

*"Bhí feirmeoirí an-toilteanach ar fad a bheith páirteach sa tionscadal seo ar bhonn duine le duine ach go háirithe. Tá an fheirmeoireacht ag éirí níos mó is níos mó scoite an t-am ar fad, agus feirmeoirí ag obair leo féin níos minice... Bhraitheadar go rabhadar ina n-aonar, theastaigh uathu smaointe agus treoir a fháil faoin mbealach bogadh ar aghaidh."*

Thug Ned athrú ollmhór i meonta faoi deara i measc na bhfeirmeoirí ar an talamh i gcaitheamh tréimhse an tionscadail. Príomhghné, a dúirt sé, ab ea feasacht ar na fadhbanna a bhaineann le sábháilteacht feirme a mhéadú trí bheith ag caint le feirmeoirí, rud atá níos éifeachtaí ar leibhéal duine le duine, agus bíonn sé níos dóichí go mbeadh na feirmeoirí níos sásta labhairt faoina dtuairimí ar an tslí sin.

Leag Ned béim ar dhá phríomhrud ar éirigh leo sa tionscadal: (i) grúpaí WhatsApp réigiúnacha a raibh ina mbealach ríthábhachtach le nasc a dhéanamh leis na feirmeoirí a ghlac páirt agus le hiad a choinneáil suas chun dáta agus; (ii) córas meantóireachta a bunaíodh chun tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí, go háirithe agus tasc dainséarach á dhéanamh acu.

Mar fhocal scoir, dúirt Ned an méid seo a leanas:

*"Ba thionscadal iontach a bhí ann le bheith gafa leis, d'oibrigh sé ar bhealach iontach agus fuaireamar a lán smaointe."*

**Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig suíomh gréasáin Thionscadal Farmers4Safety.**

**An Dr Saorla Kavanagh & Andrew Bergin, Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint**




Thosaigh an Dr Saorla Kavanagh, ón Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i gCo. Phort Láirge, trí léargas gairid a thabhairt ar an tionscadal EIP-AGRI go dtí seo.

*"Thosaíomar agus sinn ag iarraidh gníomhartha a aithint a d'fhéadfadh feirmeoirí a ghlacadh a chabhródh le bithéagsúlacht na bpailneoirí ar an bhfeirm. Go bunúsach, táimid ag baint úsáid as pailneoirí mar nithe ionadaíocha don bhithéagsúlacht - chun gníomhartha a aithint a d'fhéadfadh feirmeoirí a ghlacadh nach mbeadh drochthionchar acu ar tháirgiúlacht na feirme. D'oibríomar le feirmeoirí chun na saghas gníomhartha a bheadh iontu sin a aithint.*

*"Bhí grúpa 40 feirmeoir páirteach ó raon éagsúil cineálacha feirme, éagsúlacht feirme, méideanna feirme agus fiú ioncaim theaghlaigh. Chuir na 40 feirmeoir sin le forbairt an tionscadail de réir mar a chuaigh sé ar aghaidh agus go dtí seo tá go leor aiseolais á fháil uathu."*

Cruthaíodh scórchárta mar chuid den tionscadal seo, ina raibh 19 ngníomh. Gach bliain, líonann an feirmeoir scórchárta seo isteach le scóráil a dhéanamh orthu féin, go bunúsach, maidir le cé chomh oiriúnach do phailneoirí is atá a bhfeirm.

*"Ag brath ar chainníocht agus ar cháilíocht na gnáthóige a bhfuil an feirmeoir á chothabháil nó á chruthú, faigheann siad pointí pailneora. Oibrímid ar chóras íocaíochtaí bunaithe ar thorthaí, mar sin, ag brath ar cé chomh hard is atá do phointí pailneora, beidh cúiteamh airgeadais níos mó i gceist leis. Tá sé go hiomlán roghnach cad ba mhaith leis an bhfeirmeoir a dhéanamh."*

Idir bliain a haon agus bliain a trí den tionscadal, tá os cionn 30 de na feirmeoirí atá rannpháirteach tar éis tabhairt faoi ghníomhartha breise a chabhróidh le pailneoirí ar fheirmeacha agus a bhfuil cúitimh airgeadais mhéadaithe mar thoradh orthu.

Chuir Andrew Bergin, feirmeoir a ghlacann páirt sa Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint, a thuairimí i láthair freisin.

*"Is comhoibriú iontach é seo idir feirmeoirí agus an fhoireann ag an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta... Tá a lán foghlamtha ag na feirmeacha ar fad atá rannpháirteach maidir le pailneoirí. Ní raibh faic ar eolas ag an gcuid is mó againn fúthu roimhe seo agus níor aithníomar an ghnáthóg atá againn cheana féin agus na slite éagsúla a d'fhéadfaimis an ghnáthóg sin a fheabhsú ar bhealach an-suntasach."*

Chuir Andrew buntáistí an chur chuige bunaithe ar thorthaí chun cinn go háirithe, cur chuige atá i gcroílár an tionscadail seo.


*"Is spreagadh mór é an struchtúr bunaithe ar thorthaí toisc go bhfaigheann tú aiseolas láithreach bonn le heolas agus aiseolas airgeadaíoch maidir le feabhsuithe i do ghnáthóg."*

**Is féidir tuilleadh eolais faoin Tionscadal um Pailneoirí Talún Feirme a Chosaint a fháil anseo.**

### Richie Farrell & Gerard Healy, Tionscadal EIP um Fheirmeoireacht i Ráth Cruachan

**Tionscadal um Fheirmeoireacht i Ráth Cruachan**

- **Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo cúinsí socheacnamaíocha maidir le feirmeoireacht i Ráth Cruachan a fheabhsú fad is a chaomhnaítear agus a fheabhsaítear an tírdhreach atá suntasach go hidirnáisiúnta, déantar é sin trí idirghabhálacha a sholáthar a chuireann comhbhuntáistí ar fáil do raon seirbhísí – lena n-áirítear bithéagsúlacht, ceapadh carbóin agus cáilíocht uisce.**




Ar dtús, thosaigh Richie Farrell, Bainisteoir Tionscadail, EIP Ráth Cruachan, le léargas ginearálta ar a bhealach uathúil féin.

Cad é: *"Is tionscadal é seo a chuireann bainistíocht inbhuanaithe thírdhreach Ráth Cruachan ar fáil trí chothromaíocht a aimsiú idir riachtanais seandálaíochta agus riachtanais feirmeoireachta."*

Cén fáth: *"Daoine áitiúla ag glacadh páirte i rud ón mbun aníos. Gan dabht, tá ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla ann chun an tírdhreach a chosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta agus tá dúshláin ar leith ag baint leo sin..."*

Cathain: *"Táimid i mbliain a ceathair agus a cúig den tionscadal seo... Táimid ar an talamh ar bhonn seachtainiúil, agus sé-ocht bhfeirm á ndéanamh againn in aghaidh na seachtaine."*

Conas: Tá Grúpa Oibríochtúil láidir ilghníomhaí le hionadaíocht éagsúil ag an tionscadal seo.

Cén áit: *"I gcoimpléasc atá an-íogair ó thaobh na seandálaíochta de. Tá sé chiliméadar cearnach go leith sa cheantar agus 240 gné seandálaíochta, 17 séadchomhartha náisiúnta ann agus tá feirmeoireacht á déanamh air ar bhonn gníomhach le breis agus 5,000 bliain anuas. Tá an tionscadal bunaithe ar raon dhá chiliméadar go leith thart timpeall ar chnocán Ráth Cruachan féin..."*

Cé: Caidreamh réamhghníomhach le 31 feirmeoir tionscadail, le 12 feirmeoir sa bhreis ar fuireachas. Tá a gcuid tacaíochta, rannpháirtíochta agus rannchuidithe ríthábhachtach chun go n-éireodh leis an tionscadal.

I measc roinnt de na hidirghabhálacha a tugadh chun críche mar chuid den tionscadal go dtí seo, tá frámaí taca, fál neamhionsáiteach, cúrsaí oiliúna faoi thógáil ballaí cloiche, leagan claí, feirmeoireacht bheacht agus dlúthú.

Thug Gerard Healy, feirmeoir rannpháirteach i dTionscadal EIP Ráth Cruachan, léargais óna thaithí féin go dtí seo.

Leag Gerard béim ar an mbealach gur tionscadal feirmeoir-dhírithe é seo.

*"Is é/í an feirmeoir atá ag croílár an EIP. Cinneann tusa le do Bhainisteoir Tionscadail agus leis an Roinn, inár gcás-sa, cad is féidir nó cad nach féidir leat a dhéanamh leis an talamh... Tá scórchárta ag gach duine atá rannpháirteach ann... Dúradh leat agus taispeánadh duit conas an seandálaíocht a chosaint."*

D'aithin Gerard roinnt de na srianta a mbíonn ar na feirmeoirí rannpháirteacha dul i ngleic leo

de bharr chineál na talún agus an gá atá le bheith nuálach mar fhreagra air sin.

I measc na nuálaíochtaí ar éirigh go maith leo, tá fál neamhionsáiteach, clocha a chur timpeall ar thrachanna uisce, agus bainistíocht chúramach a dhéanamh ar na háiteanna ina dtugtar bia d'eallach.

*"Tá an-chuid den tionscadal bunaithe ar an mbainistíocht... Táim tar éis cúpla rud a thástáil nár éirigh leo ach ní chiallaíonn sé sin gur theip ort, ciallaíonn sé gur bhain tú triail as. Mar a dúirt duine eile níos luaithe, uaireanta is rud nuálach é faic a dhéanamh - mar sin, má thógann tú fál timpeall ar chnocán agus ligeann tú dó fás ar ais go nádúrtha, uaireanta oibreoidh sé sin."*

Chríochnaigh Gerard:

*"Bíonn sé deacair EIPanna a bhunú agus a choimeád ag imeacht... Ba thrua é dá stopfaimis leis agus gan ach cúig bliana déanta againn... Caithfimid leanúint orainn slí amháin nó slí eile. Tá an seandálaíocht ansin leis na mílte bliain agus ní bhogfaidh sí áit ar bith go luath."*

**Le haghaidh tuilleadh eolais, téigh chuig suíomh gréasáin Thionscadal EIP Ráth Cruachan.**

## Ruairí Ó Conchúir & Ragna Gruendler, Tionscadal EIP na hEidhní

### Tionscadal EIP na hEidhní

- Dearadh an tionscadal seo chun cur chuige nua a sholáthar ar mhaithe le dul i ngleic le comhúdair imní maidir leis an mbithéagsúlacht agus caillteanas gnáthóige agus caillteanas comhreathach ardstádas éiceolaíoch limistéar uisce i nDobharcheantar na hEidhní Uachtaraí, Iarthar an Chláir, déantar é sin trí fheirmeoireacht don dúlra agus cleachtais feirmeoireachta agus foraoiseachta atá dírithe ar na ceantair féin a fhorbairt.
- Is í an aidhm fhoriomlán ná a thaispeáint gur féidir caillteanas bithéagsúlachta a íoslaghdú, agus is féidir le feirmeoirí, eolaithe agus comhairleoirí bearta íoslaghdaithe suíomhoiriúnaithe a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le chéile ar scála an dobharcheantair.



Thug Ruairí Ó Conchúir, ón gClár Uiscí Údaráis Áitiúil, cúlra ar an tionscadal EIP-AGRI.

Dhírigh an tionscadal ar Dhobharcheantar na hEidhní Uachtaraí in Iarthar an Chláir, d'fhorbair an tionscadal 36 bearta laghdaithe suíomhoiriúnaithe a bhí oscailte d'fheirmeoirí aonair lena roghnú uathu.

*"Is é seo an dara dobharcheantar is mó i gContae an Chláir agus leagann sé béim ar na brúnna suntasacha ar fad atá ar cháilíocht ár n-uisce: an talmhaíocht, an fhoraoiseacht, an hidreamoirfeolaíocht agus saoráidí cóireála fuíolluisce easnamhacha."*

Thug Ruairí achoimre ar thrí cinn de na gnéithe is nuálaí de Ghrúpa Oibríochtúil EIP-AGRI na hEidhní:

1) Úsáideann an tionscadal uirlisí atá ann cheana féin amhail léarscáileanna um thionchar féideartha truailleáin (PIP) mar shlí chun an chonair a bhriseadh i leith na nithe seo: cad as a dtagann an truailleán, conas a thaistealaíonn sé agus conas a théann sé isteach san Eidhneach. Glacadh roinnt bearta éagsúla amhail linnte, líonra linnte agus conairí a chur isteach.

2) Oibríonn an tionscadal le conraitheoirí a bhfuil taithí acu in oibreacha draenála talún a dhéanamh. In ionad an coincheap maidir leis an talamh a dhraenáil a úsáid, cuirtear an coincheap maidir leis an uisce sin a choimeád ar an talamh ag baint úsáid as bearta coimeádta éagsúla ina ionad.

3) Bhí níos mó ná 35 cruinniú ann i dtithe agus botháin na bhfeirmeoirí, rud a thug an deis dóibh smaointe a roinnt agus a mhalartú.

Chuir Ragna Gruendler, feirmeoir rannpháirteach agus a bhí bainteach i gcur i bhfeidhm an tionscadail, a tuairimí féin i láthair maidir le EIP na hEidhní.

Ón gcéad lá den tionscadal, dúirt Ragna go raibh sí "corraithe" ag freagra an phobail.

*"Tá an tionscadal seo tar éis sinn a thabhairt le chéile. Tá sé tar éis teagasc a chuir orainn maidir lena lán rudaí eile seachas cáilíocht uisce... Tá gach duine bródúil as an obair a rinneadar ar a bhfeirmeacha... Tá a lán rudaí roinnte againn."*

Tá fíorthoilteanas ann anois ó na daoine a bhí páirteach leanúint leis an obair mhaith seo. Tháinig ráitis deiridh Ragna go mór le tuairimí na bpainéalaithe eile ar fad.

*"B'eispéireas an-tairbheach ar fad a bhí ann. Déarfadh aon duine a bhí bainteach in EIP atá dírithe ar fheirmeoir an rud céanna, is é seo an bealach chun cinn dúinn ar fad."*

**Is féidir tuilleadh eolais faoi Thionscadal EIP-AGRI na hEidhní a fháil anseo.**

## Uasdátú maidir le staid EIP-AGRI i bPlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) na hÉireann don tréimhse 2023-2027

***Leag Colm Hayes, Ard-Rúnaí Cúnta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) tosaíochtaí EIP-AGRI laistigh den Phlean nua amach.***



Chuir Colm tús lena chur i láthair agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann le rath thionscadail EIP-AGRI go dtí seo a chur in iúl agus mhol sé dearfacht na gcur i láthair agus na gcainteanna a tharla níos luaithe sa lá mar ábhar "inspioráide".

Agus é ag féachaint ar aghaidh chuig staid EIP-AGRI i bPlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta (CAP) 2023-2027 na hÉireann, d'áitigh Colm gur tús úr é faoi láthair agus go gcuirtear fáilte roimh gach saghas aiseolais ó pháirtithe leasmhara ábhartha agus glacfar leo.

*"Ní bheidh dearcadh ón mbarr anuas ag an Roinn an chéad uair eile - mar a luaigh an tAire níos luaithe... Tagann an rath ón mbun aníos. Tagann sé ó na feirmeoirí, na heolaithe, na héiceolaithe, agus iad ar fad ag obair go háitiúil."*

Chuir Colm liosta nach bhfuil uileghabhálach i láthair ansin maidir le téamaí EIP féideartha atá san áireamh i CAP 2023-2027 na hÉireann agus luaigh sé gurb é an comhshaol an dúshlán is mó maidir le cúrsaí talmhaíochta faoi láthair.

**EIPanna atá san áireamh i bPlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta na hÉireann 2023-2027**

- Comhshaol
- Leas Ainmhithe
- Sláinte Feirme
- Cothromaíocht Inscne, Ionchuimsiú Sóisialta
- Feirmeoirí Óga
- Nuachóiriú agus Comhroinnt Eolais



Agus é ag tógáil air sin, thairg Colm roinnt comhairle dóibh siúd atá ag cuimhneamh ar EIP amach anseo.

*"Tá sé an-úsáideach d'aon duine sa seomra atá ag cuimhneamh ar EIP amach anseo, cuimhneamh ar cad iad na príomhthosaíochtaí náisiúnta, cuimhneamh ar thosaíochtaí na linne don Rialtais, cuimhneamh ar cén treo atá an tAontas Eorpach ag glacadh... Bunaigh do chinneadh ar conas mar atá tú ag teacht leis na tosaíochtaí ardleibhéil sin."*

Luaigh Colm EIPanna a leagtar amach sa Phlean nua a mheastar a bhfuil ina bpríomh-shaincheisteanna. I measc na EIPanna sin a thiteann faoi théama an chomhshaoil, bhí Caladh na Sionainne agus Lapairí Póraithe. Luadh an EIP Suaitheanta Uisce dar luach €50 milliún a seoladh le déanaí freisin, tionscadal atá scartha ón mbuiséad EIP ginearálta.

Ina dhiaidh sin, leag Colm na chéad chéimeanna eile amach don RTBM a chuirfidh comhairliúchán i 2023 ar feadh roinnt seachtainí san áireamh d'aon duine a bhfuil suim acu todhchaí na EIPanna a fhorbairt.



**Comhairliúchán Poiblí**

- **Do dheis a bheith rannpháirteach**
- **EIPanna na todhchaí a mhúnlú**
- **Moltaí scríofa á lorg i 2023**

Mar fhocal scoir, thairg Colm roinnt comhairle sa bhreis d'iarratasóirí sa todhchaí.

*"Gach iarratasóir EIP, agus táim cinnte go bhfuil an-chuid sa seomra seo don chéad uair eile, agus sibh ag déanamh iarratais, beimid ag féachaint ar na (hiarratais) seo agus ag cuimhneamh: cá mbeidh an grúpa seo i gceann 4-5 bliana? cad a bheidh tugtha chun críche acu? an rud é ar féidir é a mhéadú ar aon slí? an rud áitiúil é? an dtagann sé leis na téamaí?"*

## Seisiún 3: EIP-AGRI – Grúpaí ar Leithligh maidir le 'Ag Spreagadh na Glúnta atá le teacht' agus Aiseolas

***Tugadh an deis do lucht na comhdhála freastal ar sheisiún ar leithligh san iarnóin a d'éascaigh ball d'fhoireann LTN agus tacaíocht a chuir ar fáil ag duine a ghlac nótaí agus a bhí rannpháirteach i dtionscadal EIP-AGRI ar an talamh.***

### Ceardlann 1

- **Éascaitheoir**: An Dr Lorraine Holloway, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Emma Byrne, Tionscadal FarmPEAT

### Ceardlann 2

- **Éascaitheoir**: Johnny Sheehan, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Peter Rose, Todhchaí Feirmeoireachta an Staighre Dhuibh

### Ceardlann 3

- **Éascaitheoir**: Evelyn Slevin, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Bridget Murphy, Talamh Beo

### Ceardlann 4

- **Éascaitheoir**: Declan Phelan, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Kate McAney, EIP na Maoilchearna

### Ceardlann 5

- **Éascaitheoir**: Fintan McCabe, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Alyssa Alderson, mac léinn ó Ollscoil na Gaillimhe

### Ceardlann 6

- **Éascaitheoir**: James Claffey, LTN
- **Duine a ghlac Nótaí**: Brendan O' Malley, Fóram Chonamara

**Dhírigh an plé sna sé cheardlann ar dhá eochaircheist.**

### 1) Cad iad na ceachtanna is féidir linn a thógáil ón gclár EIP-AGRI reatha a d'fhéadfadh cabhrú linn an clár nua a fhorbairt?

Rangaíodh na príomhfhreagraí ar an gceist seo ina gceithre théama: Malartú Eolais; Oideachas; Fad Tionscadail EIP-AGRI; agus Impleachtaí Beartais.

### Malartú Eolais

- Ba é an comhdhearcadh ná go dtugann imeachtaí amhail Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 deis den scoth rath thionscadail EIP-AGRI a chur chun cinn. Tá toilteanas soiléir ann ó na gníomhaithe i dtionscadail EIP-AGRI, go hiondúil, teagmháil a dhéanamh le chéile agus foghlaim ó thaithí a chéile ar an talamh. Chuir roinnt de na daoine a bhí i láthair in iúl go raibh an-fhonn orthu níos mó deiseanna líonraithe a bheith acu.
- Luadh go mbeadh aird mhéadaithe i gcló agus sna meáin dhigiteacha maidir leis an obair iontach a rinneadh go dtí seo, a d'fhéadfadh a bheith i gcolún seachtainiúil san 'Irish Farmers Journal', tairbheach chun suim gach páirtí leasmhar a ghabháil.
- Tugadh aitheantas forleathan d'iliomad buntáistí thionscadail EIP-AGRI i dtéarmaí a gcuid tionchair agus a nuálaíochta ach ardaíodh buairt maidir leis na ceachtanna a tháinig i ndiaidh tionscadal a chríochnú. Leag mórán de lucht an tseisiúin an gá atá leis na torthaí a thaifeadadh i dtionscadail (i.e. cad a d'oibrigh go maith agus cad nár oibrigh go maith) agus rochtain éasca a bheith ar an eolas sin chun go mbeadh EIPanna nua in ann foghlaim uathu.
- Chun a chinntiú go n-úsáidfí gach eolas ábhartha go hiomlán, moladh go mbunófaí grúpa comhairleach, bheadh gníomhaithe ó na EIPanna reatha sa ghrúpa chun cabhair agus comhairle a thabhairt do EIPanna amach anseo, na ceachtanna a foghlaimíodh a roinnt agus cabhair a thabhairt conair nua do smaointe sa todhchaí a fhorbairt.

- Chuir rannpháirtí eile an smaoineamh chun cinn go gcruthófaí ról an 'idirghabhálaí neamhspleách', chun tuilleadh feola a chur ar smaointe tionscadail leis na feirmeoirí nó le grúpaí pobail a bhfuil taithí theoranta acu nó nach bhfuil aon taithí roimhe sin acu ar thogra EIP-AGRI. I measc na bhfreagrachtaí a bheadh acu, d'fhéadfadh go mbeadh orthu an moladh a scríobh go páirteach in éineacht leis an ngrúpa. Cé go bhfuil an LTN rannpháirteach i roinnt de na gníomhaíochtaí seo cheana féin, aithníodh go bhfuil an cumas ann ról níos mó a bheith sa chéad chlár eile le haghaidh aonad comhtháite a bhunú laistigh den LTN chun cabhair a thabhairt le cuardaigh páirtí EIP-AGRI, le giniúint smaointe agus le forbairt.

## Oideachas

- Tugadh aitheantas forleathan do thábhacht an oideachais agus na hoiliúna rialta a dhírítear ar na feirmeoirí a ghlacann páirt i dtionscadail EIP-AGRI, go háirithe maidir le scóráil na ngort. Tá sé tábhacht a chinntiú go gcuirtear an oiliúint sin ar fáil ar bhealach atá simplí agus furasta a thuiscint.
- Is buntáiste ríthábhachtach i dtogra EIP-AGRI é an roinnt agus foghlaim idir phiaraí i measc na bhfeirmeoirí.
- Leagadh béim láidir sna grúpaí ar leithligh ar an ngá atá le feabhas a chur ar leibhéal na teagmhála le scoileanna agus grúpaí pobail i dtionscadail EIP-AGRI ionas gur féidir a dtionchar i gceantair thuaithe a uasmhéadú. Moladh go bhféadfaí gné oideachais bunscoile a chur san áireamh i ngach EIP, mar chuid dá bhfor-rochtain phobail, mar bhealach an óige, arb iad todhchaí na gceantar sin, a spreagadh agus a ghríosú.
- D'áitigh rannpháirtí amháin nár cheart don aistriú eolais a dhíríonn ar oideachas agus eolas a chur ar na glúinte óga agus aosta sa phobal a dhéanamh ón mbarr anuas ná nár cheart dó a bheith eolaíoch.

## Fad Tionscadail EIP-AGRI

- Bhí plé suntasach ann ar fud gach grúpa ar leithligh maidir le fad tionscadail EIP-AGRI. Cé gur aithníodh go bhféadfaí torthaí réasúnta tapa a fháil ó thástálacha nó trialacha áirithe de bharr go bhfuil na tionscadail gearrthéarmach, ba é comhdhearcadh na coitiantachta ná go rachadh amscála níos faide chun tairbhe na dtionscadal chun tacaíocht ó fheirmeoirí a chinntiú.
- Thuairiscigh roinnt mhaith tionscadal deacrachtaí le bainistíocht ama agus bhí sé deacair orthu soláthar foirne cuí, amhail conraitheoirí agus éiceolaithe móra, a mhealladh de dheasca cineál treallach na hoibre. Moladh go dtabharfadh plean fostaíochta cúig bliana, mar shampla, soiléireacht agus slándáil do róil i dtionscadal EIP-AGRI.
- Anuas air sin, luadh gur cheart síneadh ama a chur le tionscadal má tá ag éirí go maith leis. Murab amhlaidh an cás, is dócha go dtosóidh tionscadal comhchosúil eile agus go mbeidh air dul i ngleic leis an leibhéal riaracháin céanna a bhí ann cheana, rud a chuirfidh acmhainní amú.

## Impleachtaí Beartais

- Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le comhrá dhá bhealach rialta agus oscailte a bheith ann leis an RTBM.
- Dúirt rannpháirtí amháin gur mian leo go dtabharfadh ionadaithe ón RTBM cuairt ar thionscadail EIP-AGRI éagsúla go pearsanta chun an dul chun cinn atá á dhéanamh a fheiceáil iad féin.
- Tugadh misneach do rannpháirtithe tar éis don RTBM rath na dtionscadal go dtí seo a aithint agus tar éis di toilteanas a léiriú go dtógfaí na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail EIP-AGRI reatha isteach sa chéad chlárthréimhse eile. Táthar ag súil go forleathan go mbeidh tionchar díreach ag torthaí na dtionscadal ar threo beartais amach anseo.

**2) Cén eochairthéamaí ar cheart a mheas don chéad ghlaoch EIP-AGRI eile?**

Rangaíodh na freagraí ba choitianta ar an gceist seo ina ndeich dtéama agus liostaítear thíos iad.

| Téama | An méid uaireanta a luadh é | Samplaí |
|---|---|---|
| **Inbhuanaitheacht bia** | 12 | "Forbairt slabhraí soláthair gairide, go háirithe i gceantair thuaithe an-iargúlta"<br><br>"An cumas brandaí bia réigiúnacha a fhorbairt"<br><br>"Daoine a cheangal lena mbia – cad é agus cad as a dtagann sé"<br><br>"Tomhaltóirí a chur ar an eolas maidir le luach cothaitheach an bhia ag baint úsáid as togra éicibhia" |
| **Bithéagsúlacht** | 7 | "Béim ar bhithéagsúlacht ionas go dtagann sí le cúinsí trasghearrtha reatha amhail an Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide - is gá go mbeadh gach rud comhlántach"<br><br>"Plean bainistíochta féaraigh ar chnoic nó i gceantair íogaire" |
| **Bainistíocht talún** | 5 | "Bainistíocht cósta agus creimeadh - íocaíocht d'fheirmeoirí idir líne bharr láin agus lag trá"<br><br>"Úsáid agus bainistíocht comhshaoil nádúrtha agus cultúrtha" |
| **Neodrach ó thaobh Carbóin de** | 5 | "Múnlaí le haghaidh neodrach ó thaobh carbóin de"<br><br>"Laghdaigh lorg carbóin" |
| **Cáilíocht uisce** | 4 | "Tionscadail ar scála níos lú a dhíríonn ar cháilíocht uisce"<br><br>"Tionchar na gníomhaíochta déiríochta ar cháilíocht uisce" |
| **Sláinte ithreach** | 4 | "Tá sláinte ithreach ríthábhachtach agus is gá tuilleadh anailíse a dhéanamh sa réimse seo" |
| **Pórtha dúchasacha** | 4 | "Tá gá le taighde a dhéanamh ar ghéineolaíocht pórtha dúchasacha" |
| **Inscne** | 3 | "Ba cheart machnamh a dhéanamh ar inscne" |
| **Speicis ionracha** | 3 | "Tá gá le tionscadal EIP-AGRI bunaithe ar spéicis ionracha" |
| **Olann** | 3 | "Is gá dúinn feidhm a fháil d'acmhainní nádúrtha ar nós olann"<br><br>"D'fhéadfadh olann peloton a bheith oiriúnach le haghaidh úsáid nítrigine ar fheirmeacha" |

Léirítear sa néal focal thíos na príomhthéamaí a pléadh i rith na grúpaí ar leithligh - atá le meas don chéad ghlaoch EIP-AGRI eile. Murab ionann is an leathanach roimhe seo, cuireann an néal focal seo téamaí san áireamh a luadh ar ócáid nó dhó.

Seirbhísí éiceachórais
Pórtha dúchasacha
Bainistíocht talún
Talamh ard
Pailneoirí
Olann
Feirmeacha
Talamh phortaigh
Meabhairshláinte
Speicis Ionracha
Inbhuanaitheacht bia
Cáilíocht uisce
Inscne
An Óige
Neodrach ó thaobh Carbóin de
An Dúlra
Agrafhoraoiseacht
Bithéagsúlacht
Sláinte ithreach
Ilfheidhmeach






## Ráiteas Clabhsúir

***Thug Donal Sheehan ó Thionscadal BRIDE (Tionscadal Athnuachan Bithéagsúlachta i dTimpeallacht Déiríochta) an ráiteas clabhsúir.***



Thapaigh Donal an deis scéal an 'EIP Ag Feirmeoireacht leis an Dúlra' a roinnt. Tá baint aige leis an tionscadal, a fuair €100,000 i maoiniú faoi ghlaoch 5 anuraidh. Bheartaigh an EIP seo, a mhair aon bhliain amháin, an branda bia Ag Feirmeoireacht leis an Dúlra a dhearadh agus a fhorbairt.




Mhínigh Donal:

*"Is éard atáimid ag súil lena dhéanamh ná, nuair a fheiceann custaiméir an branda seo ar tháirge bia, beidh a fhios acu cad as a dtagann sé... Má scaiptear an branda seo, is deis é don phobal tacú le feirmeoirí atá ag tacú leis an dúlra."*

Bhí dhá phríomhghné i gceist leis an tionscadal: an branda é féin a dhearadh agus tairseach idirlín agus aip ghaolmhar a dhearadh.

Tá an fhoireann tionscadail in ann céatadán an spáis ar fheirm don dúlra agus caighdeán an spáis sin a ríomh ag baint úsáid as an tairseach idirlín agus aip. Ag eascairt ó seo, gheobhaidh feirmeoir rátáil ar a dtugtar an Innéacs Bithéagsúlachta Talún Feirme, arb é a ndeimhniú le haghaidh Ag Feirmeoireacht leis an Dúlra.

*"Tá Feirmeoireacht leis an Dúlra ag iarraidh luach a chur ar gach rud nach bhfuil luach acu... Is íocaíocht do sheirbhísí éiceachórais é i ndáiríre."*

Gné eile den tionscadal ná go mbeidh cód 'QR' gaolmhar ag gach táirge féideartha a bhaineann le Feirmeoireacht leis an Dúlra. Cabhróidh sé sin an duine a tháirgeann an bia a cheangal go díreach leis an mbia agus leis an tomhaltóir.

*"Tá na feirmeoirí ag insint a scéil anseo - tá siad in ann a rá: seo a bhfuil á dhéanamh agam, seo iad na speicis ar m'fheirm..."*

Mar fhocal scoir, d'athdhearbhaigh Donal na teachtaireachtaí a luaigh mórán de na rannpháirtithe níos luaithe sa lá. Labhair sé faoin inspioráid agus an fhoghlaim a fuair seisean go pearsanta ó na EIPanna eile le blianta beaga anuas agus faoin nuálaíocht agus dearfacht i bhfianaise Chomhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022.

*"Tá an díograis tógálach."*



## Taispeántas ar Thionscadail EIP-AGRI






















## Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 – Príomhthátail le tabhairt ón gComhdháil

- Tugann imeachtaí den sórt seo ardán den scoth do pháirtithe leasmhara tuaithe chun eolas a mhalartú agus an rath agus foghlaim ó thionscadail EIP-AGRI go dtí seo a spreagadh agus a roinnt. Agus an chomhdháil á hoscailt aici, dúirt an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Pippa Hackett an méid seo a leanas:

  *"Is deis í seo daoibhse atá i láthair bhur n-obair chrua a chur i láthair thar shaolré an tionscadail. Tá fonn orainn foghlaim ó bhur gcuid oibre, agus na ceachtanna sin a thabhairt isteach sa chéad chlárthréimhse eile."*

- Bíonn cur chuige ón mbun aníos ag an gcuid is mó de thionscadail EIP-AGRI a mbíonn rath orthu, agus feirmeoirí atá paiseanta faoi thodhchaí na feirmeoireachta agus an chomhshaoil ina bpobail áitiúla féin i gceannas orthu. Baineann na tionscadail tairbhe as eolas áitiúil agus dearcthaí pearsanta na bhfeirmeoirí seo. Anuas air sin, baineann na feirmeoirí féin tairbhe mhór as bheith i dteagmháil le chéile, agus foghlaim ó chéile.
- Is cur chuige ilghníomhaí é EIP-AGRI a thugann feirmeoirí, comhairleoirí, taighdeoirí, gnólachtaí, ENRanna (NGOs) agus grúpaí pobail le chéile chun Grúpaí Oibríochtúla a bhunú, rud a chabhraíonn leis an nasc idir taighde agus cleachtas a thógáil.
- Tá oidhreacht mharthanach na nGrúpaí Oibríochtúla EIP-AGRI sna líonraí a cruthaíodh agus sna pobail a tugadh le chéile chun obair a dhéanamh ar dheacracht, cheist nó suim comhroinnte. Go bunúsach, is faoi oibriú le chéile é. Glacann sé an-chuid ama na caidrimh sin a fhorbairt agus a fhás ach má táimid ag iarraidh meonta na bhfeirmeoirí a athrú, tá sé riachtanach a bheith ag cuimhneamh go fadtéarmach.
- Is é bun agus barr an chur chuige bunaithe ar thorthaí ná cáilíocht a chúiteamh go héifeachtach - dá airde an cháilíocht, is ea is airde an íocaíocht. Aithnítear é sin go forleathan chun feabhsuithe a dhreasú ar fheirmeacha.
- Ní togra agra-chomhshaoil amháin é EIP-AGRI. Díríonn sé ar an gcomhshaol agus ar an mbithéagsúlacht, ach déanann sé iarracht chomh maith dul i ngleic le fadhbanna faoi shábháilteacht, sláinte agus folláine feirme chomh maith le dúshláin a thagann chun cinn i ndiaidh a chéile i dteaghlaigh feirme, gan ach roinnt bheag a lua.
- Is gá comhoibriú agus nascáil leis an bpobal áitiúil níos leithne (i.e. scoileanna agus grúpaí pobail), agus ní hiad siúd nach bhfuil baint acu ach leis an bhfeirmeoireacht amháin, d'aon tionscadal EIP-AGRI chun fíorthionchar a dhéanamh ag leibhéal áitiúil.
- Spreagtar tionscadail EIP-AGRI le rudaí nua a thriail (i.e. má oibríonn rud éigin, éiríonn leis, ach mura n-oibríonn, is ceacht foghlamtha é agus ní gá gur theip air). Tá suirbhéanna tar éis a bheith ina ngné de mhórán tionscadal EIP-AGRI, go minic a scaiptear ar fheirmeoirí, teaghlaigh feirme etc. chun raon leathan dearcthaí maidir le meonta agus iompar a mheas agus a bhailiú.
- In ainneoin go bhfuil tionscadail EIP-AGRI réasúnta gearrthéarmach, rud a leag mórán de lucht na comhdhála béim air, tá fíorthoilteanas agus díograis ann leanúint leis an obair mhaith a rinneadh go dtí seo.
- Chuir Ard-Rúnaí Cúnta ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM), Colm Hayes, liosta nach bhfuil uileghabhálach i láthair de théamaí féideartha EIP-AGRI atá san áireamh ar Phlean Straitéiseach Comhbheartas Talmhaíochta 2023-2027 na hÉireann agus luaitear an comhshaol mar an dúshlán is mó de chuid na talmhaíochta faoi láthair. Luadh leas ainmhithe, sábháilteacht feirme, cothromaíocht inscne, ionchuimsiú sóisialta, feirmeoirí óga, nuachóiriú agus comhroinnt eolais mar théamaí féideartha. Agus comhairle á tabhairt aige do lucht na comhdhála, bhí an méid seo a leanas le rá ag Colm*:*

  *"Gach iarratasóir EIP, agus táim cinnte go bhfuil an-chuid sa seomra seo don chéad uair eile, agus sibh ag déanamh iarratais, beimid ag féachaint ar na (hiarratais) seo agus ag cuimhneamh: cá mbeidh an grúpa seo i gceann 4-5 bliana? cad a bheidh tugtha chun críche acu? an rud é ar féidir é a mhéadú ar aon slí? an rud áitiúil é? an dtagann sé leis na téamaí?"*

## Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022 – Acmhainní

### Aitheasc Fáilte

**An Dr Maura Farrell, Ollscoil na Gaillimhe agus LTN**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/1.-Dr-Maura-Farrell-University-of-Galway-and-the-NRN.pdf

### Seisiún 1: EIP-AGRI – Cleachtais Nuálacha agus a dTionchar

**Gillian Westbrook, Tionscadal MOPS (Córais Táirgthe Orgánacha a Uasmhéadú) Project**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/2.-Gillian-Westbrook-MOPS-Maximising-Organic-Production-Systems-Project.pdf

**Seán Finan, Clár Beagscála Taispeána maidir le Bithghás**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/3.-Sean-Finan-Small-Biogas-Demonstration-Project-SBDP.pdf

**Caroline Lalor, Tionscadal FarmPEAT**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/4.-Caroline-Lalor-FarmPEAT-Project.pdf

**Bernard Carey, Bithmhais go Bithghualach le haghaidh an Bhithgheilleagair Feirme (BBFB)**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/5.-Bernard-Carey-Biomass-to-Biochar-for-Farm-Bioeconomy-BBFB.pdf

**An Dr Patrick Crushell, Tionscadal na nDiúilicíní Péarla**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/6.-Dr-Patrick-Crushell-Pearl-Mussel-Project.pdf

**Declan Byrne, Tionscadal SUAS (Scéim Inbhuanaithe Agra-chomhshaoil Ardtalún)**

https://www.nationalruralnetwork.ie/wp-content/uploads/2023/02/7.-Declan-Byrne-SUAS-Sustainable-Uplands-Agriculture-environment-Scheme-Project.pdf

National Rural Network

eip-agri
AGRICULTURE & INNOVATION

**Arna chur le chéile ag foireann an LTN ag Nasc Tuaithe na hÉireann agus Ollscoil na Gaillimhe ar son na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).**

**Chun tagairt a dhéanamh don fhoilseachán seo:** *Bennett, D., Slevin, E., Conway, S.F. agus Farrell, M. (2023) Tuarascáil maidir le Comhdháil Náisiúnta EIP-AGRI 2022, LTN agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).*

**Tuarascáil arna tiomsú agus arna dearadh ag Daniel Bennett, Taighdeoir ag Nasc Tuaithe na hÉireann.**